



**lwetb**

*Bord Oideachais agus Oiliúna  
an Longfoirt agus na hIarmhí*  
Longford and Westmeath  
Education and Training Board

# Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí

---

**Plean  
Seirbhíse  
2021**

## Clár na nÁbhar

Clár na nÁbhar	2
Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach (Gníomhach)	3
Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach	4
Próifíl de Bhord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí	5
<ul style="list-style-type: none"> <li>• Príomhfhórais agus Príomhfhóiracha BOOLI</li> </ul>	6
<ul style="list-style-type: none"> <li>• Miondealú foirne BOOLI</li> </ul>	7
<ul style="list-style-type: none"> <li>• Láithreacha Seirbhísí BOOLI</li> </ul>	8
Ráiteas Seirbhísí – Scoileanna	9
Ráiteas Seirbhísí - Aonad Obair Óige	15
Ráiteas Seirbhísí – Music Generation	17
Ráiteas Seirbhísí - Breisoideachas agus Oiliúint (BOO)	22
Ráiteas Seirbhísí - Tacaíocht agus Forbairt na hEagraíochta	28
Comhaontú Soláthar Feidhmíochta 2021	33
Teacht Isteach agus Caiteachas Réamh-Mheasta	37



## Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach (Gníomhach)

Is é BOOLI an comhlacht reachtúil atá freagrach as seirbhísí oideachais agus oiliúna a chur ar fáil sa réigiún. Eagraíocht ar scála suntasach atá ionainn a bhfuil buiséad réamh-mheasta €54 milliún againn, os cionn 900 fostaí agus os cionn 14,000 foghlaimeoir, oiliúnaí agus tairbhí. Forbraíodh Plean Seirbhíse 2021 de réir ár gceanglas reachtúil mar a leagtar amach in Alt 47 (1) d’Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013.

Tugtar achoimre mhionsonraithe sa Phlean Seirbhíse seo maidir le tosaíochtaí BOOLI don bhliain amach romhainn agus maidir leis na riachtanais bhreise de bharr phaindéim COVID-19 atá fós ar siúl. Ba cheart go mbreathnófaí ar na gníomhaíochtaí seo i bhfianaise ár ndoiciméid pleanála níos leithne, an Ráiteas Straitéise 2017 – 2022, ina leagtar amach an treo a rachaidh BOOLI sa tréimhse cúig bliana amach romhainn. Nuair a chuirtear na doiciméid seo le chéile, léirítear tiomantas BOOLI i leith infheistíocht sheasmhach agus struchtúrtha a dhéanamh in oideachas agus oiliúint, ní hamháin sa ghearrthéarma ach thar thréimhse i bhfad níos faide.

Cuirtear gníomhaíochtaí 2021 i láthair thar na trí phríomh-cholún Scoileanna, Óige agus Ceol; Breisoideachas agus Oiliúint agus Tacaíocht agus Dearadh Eagraíochta. Tugtar achoimre mhionsonraithe i ngach cuid den Phlean Seirbhíse maidir leis na spriocanna agus gníomhaíochtaí barrthábhachtacha atá leagtha amach do 2021 sna colúin éagsúla i gcomhar lenár gcomhpháirtithe agus páirtithe leasmhara.

Tá gach ceann de na réimsí seo faoi stiúir tiomantas d’athchóiriú na seirbhíse poiblí de réir Ár Seirbhís Phoiblí 2020.

Chomh maith leis sin, tugann an Plean Seirbhíse sonraí faoin teacht isteach agus an caiteachas atá réamh-mheasta do BOOLI in 2021. Oibríonn an leibhéal gníomhaíochta agus an soláthar seirbhíse atá beartaithe laistigh de na paraiméadair mhaoinithe atá leagtha síos ag ár bpríomh-mhaoinitheoirí, lena n-áirítear an Roinn Oideachais, an Roinn Ardoideachais agus Breisoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, SOLAS agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghlacadh le comhaltaí bhord BOOLI, leis na Stiúrthóirí Seirbhíse agus leis an bhfoireann uile in BOOLI a dhéanfaidh a gcion tairbhe i dtreo seirbhísí dinimiciúla, ilghnéitheacha agus nuálacha a phleanáil agus a sholáthar in 2021. Chomh maith leis sin, táim ag súil leis an athbhreithniú leanúnach a dhéanfar ar ár gcuid seirbhísí ionas gur féidir linn seirbhísí oideachais agus oiliúna atá níos beoga fós a chur ar fáil do mhuintir an Longfoirt agus na hIarmhí.

---

Liz Lavery

Príomhfheidhmeannach (Gníomhach)


## Próifíl Chontaetha an Longfoirt agus na hIarmhí

In 2016, ba é dlús daonra an Stáit ná 70 duine don km. cearnach agus bhí dlús daonra 39.65 duine don km. cearnach i gContae an Longfoirt agus 50.9 duine don km. cearnach i gContae na hIarmhí. (CYPSC 2017 lch.14). Is ceantar é ina bhfuil samplaí inaitheanta de dhíothacht agus de ghátar ar féidir dúshlán a bheith ag baint le soláthar seirbhísí ann.

Sna blianta 2011-2016, tháinig ardú 3.57% ar dhaonra an Longfoirt agus na hIarmhí, ráta a bhí beagán os cionn meán náisiúnta an stáit, 3.3%.<sup>1</sup> 40,873 a taifeadh i nDaonáireamh 2016 mar an daonra iomlán i gContae an Longfoirt. Is é an dara daonra is lú sa tír ach tá fás ag teacht air mar sin féin. Léiríodh i nDaonáireamh 2016 gur tháinig fás 4.8% ar dhaonra an Longfoirt ón mbliain 2011 figiúr a bhí 1% níos airde ná an meán náisiúnta, 3.8%.<sup>2</sup> 88,770 duine an daonra iomlán a taifeadh i nDaonáireamh 2016 do Cho. na hIarmhí. Is ardú 2.6% ar an daonra sin é seo ón mbliain 2011.

An tráth a ndearnadh an Daonáireamh is deireanaí, thaifid Co. an Longfoirt an ráta dífhostaíochta ab airde sa stát (19.6%, i gcomparáid le 12.9% go náisiúnta) agus bhí ráta ard sa dífhostaíocht uirbeach ach go háirithe; 29.3%. Is san Iarmhí a bhí an 7ú ráta dífhostaíochta is airde sa tír. Bhí ráta dífhostaíochta cuid mhaith níos airde ná an meán náisiúnta san Iarmhí agus i Longfort, maidir le fir agus mná araon. An tráth a ndearnadh Daonáireamh 2016, bhí 1.45% de dhaonra an dá chontae ar an meán nach raibh aon oideachas foirmiúil críochnaithe acu, agus bhí 7.98% den daonra ann nár chríochnaigh ach oideachas bunscóile, i gcomparáid leis an meán náisiúnta, 7%. 17.5 bliana d'aois an mheánaois a chríochnaítear an t-oideachas i Longfort agus san Iarmhí i gcomparáid leis an meán náisiúnta 19.9 bliana d'aois.

### % aois daoine 15 bliana d'aois nó níos sine gan oideachas foirmiúil acu agus gan ach bunoidreachas amháin acu, 2016



Foinse: CSO 2016

<sup>1</sup> Coiste Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga an Longfoirt/na hIarmhí CYPSC (2017): Próifíl Shochdhéimeagrafach – an Longfoirt na hIarmhí. Doiciméad nár foilsíodh lch. 13.

<sup>2</sup> An Phríomh-Oifig Staidrimh (2016) Daonáireamh 2016 Torthaí Achomair – Cuid 1 lch. 8.

## Próifíl BOOLI


Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí (BOOLI), an 1ú Iúil 2013 faoi Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna, 2013. Is sa Mhuileann gCearr atá an Phríomhoifig. Soláthraíonn BOOLI réimse leathan seirbhísí oideachais ar fud réigiún leathan Lár Tíre na hÉireann. Freastalaíonn BOOLI ar dhaonra ilchineálach ar a bhfuil riachtanais éagsúla oideachais, shóisialta agus chultúrtha. Cuirimid Seirbhísí oideachais ar fáil do dhaonra os cionn 129,000 duine (CSO 2016). Cuimsíonn na seirbhísí sin oideachas dara leibhéal (8 scoil), breisoideachas agus oiliúint (10 láthair), agus clár oideachais, oiliúna agus seirbhísí pobalbhunaithe. I gcomhréir le Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013, tá BOOLI freagrach freisin as tacú le soláthar, comhordú, riar agus measúnú ar sheirbhísí obair óige Chontaetha an Longfoirt agus na hIarmhí (50+ tionscadal agus club óige). Riarann BOOLI buiséad bliantúil de bhreis agus €54 milliún, tá breis agus 900 fostaí aige agus os cionn 14,000 foghlaimoír, oiliúnaí agus tairbhí.



## Ár Luachanna

Leagtar amach sa Phlean Seirbhíse seo tosaíochtaí BOOLI don bhliain 2021 sna seirbhísí seo a leanas:

- Scoileanna, Óige & Ceol
- Breisoideachas agus Oiliúint
- Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta



## Príomhfhórais agus Príomhfhóiracha BOOLI

### Scoileanna



Seirbhísí	Líon na bPríomh-Ionad	Líon na Rannpháirtithe
Scoláirí Iarbhunskoile	8	3214
Scoláirí Iar-Ardteistiméireachta	2	450
Cúrsaí Oíche Féinmhaoinithe	1	257
Iomlán	11	3921

### Breisoideachas agus Oiliúint



Seirbhísí	Líon na bPríomh-Ionad	Líon na Rannpháirtithe
Breisoideachas agus Oiliúint	12	5602
Seirbhís um Threoir Aosach	3	1044
Iomlán	15	6646


### Aonad Obair Óige



Seirbhísí	Líon na bPríomh-Ionad	Líon na Rannpháirtithe (thart ar)
Clubanna deonacha	38	1280
Seirbhísí óige faoi theoir foirne	9	2287
Iomlán	47	3567

## Miondealú Foirne BOOLI


Catagóir	Iomlán
Múinteoirí Iarbhunscoile	434
Múinteoirí/Teagascóirí BOO	163
Foireann Riaracháin	120
Comhordaitheoirí/Ceannaithe Ionad	25
Oibríthe Acmhainne	11
Foireann Cothabhála	30
Foireann Tacaíochta (CRS)	78
Scrúduithe	0
Fíordheimhniitheoir Seachtrach	25
Comhaltaí Boird	21
Music Generation	15
<b>Iomlán</b>	<b>*922</b>



\* Figiúirí ó Phárolla Mhí na Nollag 2020



## Láithreacha Seirbhísí BOOLI



Láithreacha Seirbhísí BOOLI	
Scoileanna	Breisoideachas agus Oiliúint
1 Ardscoil Phádraig, Gránard	13 Ionad BOO Bhaile Átha Luain
2 Coláiste Phobail Átha Luain	14 Ionad BOO Bhaile Uí Mhatháin
3 Gairmscoil Bhaile Uí Mhatháin	15 Ionad BOO Ghránaird
4 Coláiste Pobail Bhaile na gCros	16 Ionad BOO an Longfoirt
5 Coláiste Cholumba, Cill Liúcainne	17 Ionad BOO an Mhuilinn Chearr
6 Coláiste Pobail Bhéal Átha Liag	18 Ionad Oiliúna Bhaile Átha Luain
7 Coláiste Pobail an Mhuilinn Chearr	Ógtheagmháil agus VTOS
8 Coláiste Theampall Mhíchíl, An Longfort	19 Ógtheagmháil Bhaile Uí Mhatháin
9 Naomh Antaine, Baile Átha Luain	20 Ógtheagmháil Dhealbhna
<b>Soláthar Chúrsaí iar-Ardteistiméireachta</b>	21 Ógtheagmháil Chill Bheagáin
10 Coláiste Pobail an Mhuilinn Chearr	22 Ógtheagmháil an Longfoirt
11 Coláiste Theampall Mhíchíl, An Longfort	23 VTOS Bhaile Átha Luain
	24 VTOS an Mhuilinn Chearr
12 Príomhoifig BOOLI, an Muileann gCearr	25 Oifig an Longfoirt



## Ráiteas Seirbhísí – Scoileanna

<b>Sprioc 1: Seirbhísí oideachais agus oiliúna atá gairmiúil, foghlaimeoirilárnach, agus ar ardchaighdeán a chur ar fáil</b>		
	<b>Gníomhartha 2021</b>	<b>Amscála</b>
<b>1.1 Cairt Foghlaimeora a Chruthú do BOOLI</b>		
1.1	Tugtha chun críche.	N/A
<b>1.2 Straitéis Múinteoireachta agus Foghlama BOOLI a fhorbairt</b>		
1.2.1	Branda BOOLI maidir le Prionsabail do Sheirbhísí Oideachais agus Oiliúna a fhorbairt agus an doiciméad críochnaitheach a uaslódáil ar an láithreán gréasáin.	R1
1.2.2	Straitéis TFC tugtha chun críche. An doiciméad a chríochnú, a bhrandáil agus a scaipeadh ar fud na heagraíochta.	R1
<b>1.3 Cláir a phleanáil agus a chomhordú</b>		
1.3.1	Na spriocanna sa Ráiteas Straitéise a athbhreithniú lena chinntiú go mbainfear na spriocanna ar fad amach roimh dheireadh 2021. Plean Seirbhíse BOOLI do scoileanna a fhorbairt. Pleananna Seirbhíse don Aonad Obair Óige agus do Music Generation a athbhreithniú agus a chomhaontú.	R1
	Plean Oibre 5 Bliana BOOLI don Óige – Gníomhartha a athbhreithniú ar bhonn ráithiúil.	R1 – R4
	Music Generation – an Plean Oibre agus an Creatphlean a athbhreithniú ar bhonn ráithiúil lena chinntiú go gcomhlíonann soláthar clár le doiciméid agus le leithdháiltí buiséad.	R1 – R4
	Uirlisí agus córais a fhorbairt don soláthar Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO) i ngach scoil trí bhíthin na Tascfhoirne RSO.	
<b>1.4 Dearbhú Cáilíochta a Sholáthar</b>		

1.4.1	Stiúrthóir Tacaíochta Eagraíochta le freastal ar an nGrúpa Maoirseachta Cáilíochta.	R1 – R4
	Stiúrthóir Tacaíochta Eagraíochta le freastal ar gach cruinniú RAP maidir le coláistí Cúrsaí iar-Ardteistiméireachta.	
	Cruinnithe ráithiúla a thionól le Príomhoidí choláistí Cúrsaí iar-Ardteistiméireachta agus caidreamh a dhéanamh le Stiúrthóirí BOO maidir le stiúradh, monatóireacht agus soláthar Cúrsaí iar-Ardteistiméireachta amach anseo.  Tacú le ceannairí Cúrsaí iar-Ardteistiméireachta maidir le malairt mhodhanna chun cláir a sholáthar, go háirithe mar gheall ar an dóchúlacht go leanfaidh paidéim COVID-19 ar aghaidh in 2021.	R1 – R4
	Caidreamh a dhéanamh leis an Oifigeach Óige maidir le nuashonruithe ar an gCreat um Chaighdeáin Cháilíochta Náisiúnta don Earnáil Obair Óige.	

### 1.5 Freagraí nuálacha ar riachtanais faoi láthair agus amach anseo a shainithint

1.5.1	Stiúrthóir Tacaíochta Eagraíochta chun caidreamh a dhéanamh leis an Foireann Rannpháirtíochta Fiontar nuair a bhunófar í.	R1 – R4
1.5.2	Leanúint de chaidreamh a dhéanamh leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus le páirtithe leasmhara áitiúla maidir leis an bpróiseas Athchumrú don Éagsúlacht san earnáil bunscoile 2017 – 2020.	R2, 3
1.5.3	Samhail na Scoileanna Náisiúnta Phobail a chur chun cinn trí bhíthin tuilleadh nuashonruithe ar an láithreán gréasáin, cuir i láthair agus naisc le scoileanna ábhartha, nuair is féidir sin.  Naisc níos láidre a fhorbairt le Pobalscoil an Mhóta agus le Pobalscoil na Maighne. Cruinnithe leis an dá scoil a thionscnamh agus iarratas a dhéanamh chun freastal ar chruinnithe an Bhoird Bhainistíochta. Sásraí a fhorbairt chun caidreamh níos réamhghníomhaí a dhéanamh leis an dá scoil.	R1 – R4
1.5.4	Oibriú leis an Aonad Obair Óige agus le Music Generation chun riachtanais i gceantar BOOLI a shainithint. Mír le bheith ar an gclár oibre de chruinnithe leis an Stiúrthóir Seirbhísí.	R1 – R4

### Sprioc 2: Feabhas a chur ar na heispéiris agus torthaí foghlama d'fhoghlaimoirí

	Gníomhartha 2021	Amscála
<b>2.1 Aiseolas ó fhoghlaimoirí agus ó thuismitheoirí</b>		
2.1.1	Guth Scoláirí i scoileanna BOOLI le leathadh amach i ngach scoil atá fanta. Le bheith curtha ar bun go hiomlán faoi mhí Mheán Fómhair 2021.  Córais reatha chun aiseolas a fháil ó scoláirí a athbhreithniú agus fiosrú a dhéanamh ar an tslí is éifeachtaí chun iad a úsáid agus a nascadh leis an tionscnamh Guth Scoláirí.	R1, 2, 3.  R3.

	Céim phíolótach den Ghrúpa Líonra Tuismitheoirí a thosú arís.	
2.1.2	<p>An grúpa oibre maidir le huirlisí/suirbhéanna caighdeánaithe a fhorbairt chun aiseolas cuíchóirithe ar dhul chun cinn scoláirí a sholáthar/a fháil a bhunú arís.</p> <p>An Stiúrthóir Tacaíochta Eagraíochta le hoibriú le ceannairí scoile chun tacú le scoileanna agus chun sásraí praiticiúla a shainaithint chun tacú le rannpháirtíocht leanúnach scoláirí sa chás go leanann an phaindéim ar aghaidh.</p> <p>Oifigeach Forbartha Music Generation le modhanna a cheapadh chun aiseolas faoi chlár agus faoi sholáthar a fháil le tuairisciú chuig an Stiúrthóir Seirbhísí.</p>	<p>R1, 2 R1</p> <p>– R4</p> <p>R1</p>
<b>2.2 Foghlaim le cuidiú TFC</b>		
2.2.2	<p>An Stiúrthóir Tacaíochta Eagraíochta le maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na bliana deireanaí den Straitéis Dhigiteach do Scoileanna. Coiste Digiteach le bunú ag gach scoil mura bhfuil ceann ann cheana féin.</p> <p>Athbhreithniú a dhéanamh ar oibreacha atá fós le tabhairt chun críche i scoileanna agus réimsí tosaíochta don chaiteachas a shainaithint.</p> <p>An Stiúrthóir Tacaíochta Eagraíochta le hidirchaidreamh a dhéanamh leis an Rannóg Acmhainní Daonna maidir le modhanna le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach TFC agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach eile a thaifeadadh i scoileanna agus ar fud BOOLI.</p>	<p>R1 – R4</p> <p>R1 – R4</p> <p>R1, 2</p>
<b>2.3 Torthaí a Rianú agus a Thuairisciú</b>		
2.3.1	<p>Leanúint de Chlár Cigireachtaí a choimeád. Greille nua a chur i bhfeidhm do cheannairí scoile maidir le dea-chleachtas a fhoghlaim/a roinnt, réimsí le feabhsú, etc., lena roinnt leis an bhfoireann ar leibhéal scoile.</p> <p>Leanúint de ghreille rianaithe do ghrúpaí scrúduithe a choimeád. Í a chur faoi bhráid Bhord BOOLI.</p>	<p>R1 – R4</p> <p>R4</p>
2.3.2	An Stiúrthóir Tacaíochta Eagraíochta le grúpa oibre nua-bhunaithe a stiúradh le huirlis tuairiscithe a fhorbairt chun tacú le tinreamh, coinneáil agus gnóthachtáil a rianú, maidir le BOOLI ar fad, agus na sonraí sin a chur i dtoll a chéile.	R1
<b>2.4 Feabhas a chur ar áiseanna agus acmhainní</b>		

2.4.1	<p>Leanúint d'uasghrádú a dhéanamh ar fhoirgnimh scoileanna BOOLI. Caidreamh a dhéanamh le hAonad Foirgneamh na Roinne Oideachais maidir le síntí a thógáil le haghaidh CCK agus CCC.</p> <p>Oibriú le scoileanna faoi leith chun tionscadail tógála bheaga a shainaithint agus a sholáthar, nuair is cuí.</p> <p>Maoirseacht agus caidreamh a dhéanamh le bunscoileanna maidir le tionscadail dhéabhlóidithe thar ceann na Roinne Oideachais.</p> <p>A chinntiú go leithdháilfear maoiniú mionoibreacha breise de bharr COVID-19 agus go n-úsáidfear go hiomchuí é sa chás go leithdháilfear é i rith 2021.</p> <p>Coiste Bainistithe Fuinnimh a bhunú i ngach scoil.</p> <p>Áit stórála do threalamh Music Generation a athbhreithniú agus a chinntiú go bhfuil sí leordhóthanach.</p> <p>Bus nua-cheannaithe do Music Generation a fheistiú mar is cuí chun cláir MG a thabhairt go ceantair iargúlta.</p> <p>Caidreamh a dhéanamh le Tascfhoireann Phróifíl Scoile chun fiosrú a dhéanamh ar oiliúint i láithreach ar na meáin shóisialta, físeáin a dhéanamh, etc. chun próifílí scoileanna a fheabhsú.</p>	<p>R1 – R4</p> <p>R1 – R4</p> <p>R1 – R4</p> <p>R1 – R4</p> <p>R1</p> <p>R1, 2</p> <p>R2</p>
-------	--	--

<b>2.5 Forbairt Ghairmiúil Leanúnach/Meantóireacht Foirne</b>		
2.5.1	Deiseanna FGL a chur ar fáil do bhaill foirne reatha agus nuacheaptha. Lá Ionduchtaithe a réachtáil.	R1 – R4
	Deiseanna a chur ar fáil do cheannairí scoile chun freastal ar chomhdhálacha agus ar laethanta FGL i rith na bliana.	R1 – R4
	Tacú le ceannairí scoile leanúint den chóitseáil 1:1 ar cuireadh tús léi in 2020.	
	Dáta a shocrú chun oiliúint a chur ar mheáncheannairí i scoileanna. Caidreamh a dhéanamh le Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí agus le Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin chun oiliúint shaincheaptha sa cheannaireacht a fhorbairt do mheáncheannairí agus do cheannairí sinsearachá i scoileanna.	R1, 2  R1 – R4
	Tacaíocht agus éascaíocht a chur ar fáil don Oifigeach Obair Óige chun freastal ar Thacaíocht FGL agus don Oifigeach Music Generation chun freastal ar FGL.	R1 – R4
Leanúint d'Oiliúint Ionduchtaithe Grád 3 a sholáthar sa cheannoifig, de réir mar is gá.		
<b>Spríoc 3: Cumarsáid, comhoibriú agus comhpháirtíocht éifeachtach a chothú</b>		
	<b>Gníomhartha 2021</b>	<b>Amscála</b>
<b>3.1 Straitéis TFC lena n-áirítear athúsáid córas agus clár a struchtúrú</b>		
3.1.1	Doiciméad Straitéise TFC tugtha chun críche. An doiciméad a chríochnú, a bhrandaíl agus a scaipeadh ar fud na heagraíochta	R1
<b>3.2 Straitéis Cumarsáide a fhorbairt</b>		
3.2.1	Straitéis Cumarsáide foriomlán a fhorbairt do BOOLI.  Leanúint d'úsáid ardáin na meán sóisialta ag scoileanna, ag an Aonad Obair Óige agus ag Music Generation a chur chun cinn.	R1 –  R4
<b>3.3 Foirne Comhoibríocha a Chruthú</b>		
3.3.1	Pobail Foghlama a athbhunú ar bhonn cianda. Cruinnithe líonraí éagsúla a shocrú (baill foirne coimhdeacha, pobail foghlama sainiúla don ábhar, Treoir, Comhordaitheoirí RSO)	R2, R3
3.3.2	Bheith mar óstach do chruinnithe ceannairí. Leanúint de sheisiúin 'Ceangal Ceannairí' a eagrú.	R1 – R4

<b>3.4 Feabhas a chur ar comhpháirtíochtaí agus comhghuaillíochtaí le páirtithe leasmhara agus forais sheachtracha</b>		
3.4.2	Stiúrthóir Scoileanna le leanúint de bheith ag fónamh ar choistí de réir mar is gá agus le naisc nua a bhunú.	R1 – R4
3.4.3	Athbhreithniú a dhéanamh ar an tionscadal píolótach ‘College Connect’ le hInstitiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain agus Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad. Oibriú le hOifig Náisiúnta Music Generation agus le páirtithe leasmhara eile chun maoiniú leanúnach a aimsiú do Music Generation an Longfoirt.	R3 R1 – R4
<b>Spríoc 4: Forbairt ar struchtúir eagrúcháin éifeachtacha a bhrú chun cinn</b>		
	<b>Gníomhartha 2021</b>	<b>Amscála</b>
<b>4.1 Forbairt ar struchtúr eagrúcháin a bhrú chun cinn</b>		
4.1.1	Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras tuairiscithe do bhaill foirne AP1 agus AP2. Ceardlann a fhorbairt agus a sholáthar maidir le haiseolas éifeachtach a chur ar fáil do bhaill foirne. Ceardlann a reáchtáil do mheáncheannairí i mí an Mheithimh 2021 más féidir. Oiliúint a chur ar fáil do Bhoird Bhainistíochta scoileanna.	R2, 3 R3 R1, 2
4.1.2	Oibriú le Stiúrthóireachtaí BOO agus Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta maidir leis an struchtúr eagrúcháin a athbhreithniú agus tacú leis chun riachtanais a léiriú.	R1 – R4
<b>4.2 Cur chuige a fhorbairt chun acmhainn a chruthú maidir le bainistiú athraithe</b>		
4.2.1	Tacaíocht 1:1 a chur ar fáil do cheannairí scoileanna agus seirbhísí. Tacú leis an gComhordaitheoir Éitis chun caidreamh a dhéanamh le gach scoil faoi rolladh amach an tionscadail seo.	R1 – R4 R1 – R4
<b>4.3 Dea-rialachas a neadú ar fud BOOLI</b>		
4.3.1	A chinntiú go dtugtar Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta chun críche i scoileanna agus go ndéantar monatóireacht leanúnach orthu de réir mar is gá. A chinntiú go gcoinnítear Cláir Rioscaí cothrom le dáta agus go dtugtar chuig an Stiúrthóir Tacaíochta Eagraíochta iad.	R1 – R4

4.3.2	COVID-19 – A chinntiú go gcomhlíontar go hiomlán na nósanna imeachta agus na treoirínte ar fad arna leagan síos ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, FSS agus comhlachtaí eile. Leanúint de fhreastal ar an bhFoireann Freagartha um Shábháilteacht ag an obair maidir le COVID- 19.	R1 – R4
	I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar chórais Mheicniúla agus Leictreacha i scoileanna, idirchaidreamh a dhéanamh leis an Stiúrthóir um Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta i ndáil le huirlisí, trealamh agus córais a dheisiú agus a athsholáthar de réir mar is cuí.	R1, 2
<b>4.4 Páirt a ghlacadh i dtionscnaimh agus fóraim náisiúnta</b>		
	Comhoibriú leis na fóraim ábhartha chun líonrú agus chun coinneáil cothrom le dáta le treochtaí agus tionscnaimh atá ag teacht chun cinn.	R1 – R4
4.4.1	Leanúint d'fheidmiú mar Chomh-Chathaoirleach don Líonra Príomhoidí. Ionadaíocht agus rannpháirtíocht leanúnach Fóram Stiúrthóir Scoileanna Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann a chinntiú.	R1 – R4
	Scoileanna BOOLI a spreagadh a bheith rannpháirteach go gníomhach ina gcuid oibre leanúnaí le pobail áitiúla agus deiseanna a chur ar fáil do ghrúpaí áitiúla a bheith rannpháirteach le scoileanna BOOLI. Ionadaíocht ar scoileanna ag imeachtaí atá dírithe ar scoláirí ar bhonn áitiúil agus náisiúnta a spreagadh.	R1 – R4
4.4.2	Leanúint de chaidreamh a dhéanamh le comhlachtaí áitiúla agus náisiúnta.	R1 – R4
<b>Spríoc 5: Tacaíocht a thabhairt do chultúr na forbartha leanúnaí san fhoireann</b>		
	<b>Gníomhartha 2021</b>	<b>Amscála</b>
<b>5.1 Straitéis FGL do BOOLI</b>		
5.1.1	Tacú le Straitéis FGL a fhorbairt i scoileanna.	R1 – R4
5.1.2	Stiúrthóir Tacaíochta Eagraíochta le ceannaireacht agus treoraíocht leanúnach a chur ar fáil do cheannairí scoile. Ceannairí scoile le freastal ar Chomhdhála Oideachais ábhartha de chuid Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann.	R1 – R4 R1 – R4
	Ceannairí scoile nuacheaptha le freastal ar Chlár Ionduchtaithe de chuid Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann do cheannairí nuacheaptha.	R1 – R4
	Athbhreithniú a dhéanamh ar oiliúint TFC tugtha chun críche go dtí seo. Athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais foirne agus FGL ábhartha sa réimse seo a sholáthar de réir mar a shainítear riachtanas.	
5.1.3	Caidreamh a dhéanamh le Ceann Acmhainní Daonna maidir le plan bliantúil FGL i scoileanna.	R1



5.2 Foirne ilréimsiúla a fhorbairt d'fhonn cultúr na nuálaíochta a chur chun cinn		
5.2.1	<p>Athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht phobail foghlama. Tacú le Comórtas Díospóireachta Scoileanna BOOLI a rolladh amach tuilleadh.</p> <p>Stiúrthóir Seirbhísí, Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna agus ceannairí scoile ábhartha le comhoibriú ar sholáthar cúrsaí i gColáistí Chúrsaí iar-Ardteistiméireachta a fhorbairt.</p>	R2

## Ráiteas Seirbhísí – An tAonad Obair Óige

<b>Spríoc 1: Seirbhísí oideachais agus oiliúna atá gairmiúil, ar ardchaighdeán agus foghlaimeoirí a chur ar fáil</b>	
<b>1.3 Cláir a phleanáil agus a chomhordú</b>	
Scéim nua mhaoinithe spriocdhírthe don óige, <i>UBU – Your Place, Your Space</i> , a chur i bhfeidhm ar feadh na bliana ar fad.	R1 – R4
Maoirseacht agus monatóireacht a dhéanamh ar ocht dtionscadal arna maoiniú ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus arna stiúradh ag baill foirne.	R1 – R4
Tionscnaimh na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige maidir le LGBTI+ agus Fostaíocht Óige a chur i bhfeidhm.	R1 – R4
Scéim Deontais le haghaidh Chlubanna Óige Áitiúla a riar agus scéimeanna tacaíochta eile le haghaidh chlubanna agus grúpaí faoi stiúradh oibríthe deonacha.	R1 – R3
<b>1.4 Dearbhú Cáilíochta a Sholáthar</b>	
Seirbhís ardcháilíochta a sholáthar trí bhithin fhorbairt ghairmiúil leanúnach agus nuálaíocht.	R1 – R4
Cuairteanna/tástálacha fíordheimhnithe a dhéanamh ar gach tionscadal faoi stiúir bhaill foirne agus ar shampla de chlubanna deonacha arna maoiniú ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige / BOOLI (faoi réir ag srianta Sláinte Poiblí).	R2 – R4
Tacú le cur i bhfeidhm sholáthar seirbhísí ardcháilíochta agus feabhas leanúnach ar sheirbhísí maoinithe.	R1 – R4
Páirt a ghlacadh i dtionscnaimh na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus sa tSamhail um Fheabhas Leanúnach.	R1 – R4
Creat Rannpháirtíochta Feidhmíochta agus Maoirseachta UBU a chur i bhfeidhm i rith na bliana ar fad maidir le seacht dtionscadal.	R1 – R4
<b>1.5 Freagraí nuálacha ar riachtanais faoi láthair agus amach anseo a shainiú</b>	
Páirt a ghlacadh i measúnú na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige ar Uirlis nua maidir le Próifiliú Ceantair agus Measúnú Riachtanais agus an uirlis nua sin a cheapadh.	R2 – R4
Comhoibriú leanúnach le Music Generation an Longfoirt maidir le hoideachas ceoil a sholáthar i suíomhanna obair óige.	R1 – R4
<b>Spríoc 2: Feabhas a chur ar na heispéiris agus torthaí foghlama d'fhoghlaimeoirí</b>	
<b>2.4 Feabhas a chur ar áiseanna agus ar acmhainní</b>	

Scéim/Scéimeanna Deontais Chaipitiúla na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige a riar	R2 – R4
--	---------

<b>Spríoc 3: Cumarsáid, comhoibriú agus comhpháirtíocht éifeachtach a chothú</b>	
<b>3.4 Comhpháirtíochtaí agus comhghuaillíochtaí le páirtithe leasmhara agus comhlachtaí seachtracha a fheabhsú</b>	
<p>Rannpháirtíocht le grúpaí áitiúla idirghníomhaireachta/comhairleacha;</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Comhairle na nÓg (an Longfort agus an Iarmhí)</li> <li>• Tionscadail óige áitiúla</li> <li>• Grúpaí forbartha áitiúla.</li> </ul> <p>Ionadaíocht a dhéanamh ar BOOLI i ngrúpaí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta, lena n-áirítear;</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Coiste Forbartha Pobail Áitiúil na hIarmhí</li> <li>• Tascfhórsa Drugaí agus Alcóil an Réigiúin Lár Tíre</li> <li>• Coiste Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga</li> <li>• Foirne RAPID an Mhuilinn Chearr agus Bhaile Átha Luain.</li> <li>• Líonra Obair Óige Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann</li> <li>• Toscaireacht Obair Óige Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann chuig an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige</li> </ul>	R1 – R4
<b>Spríoc 4: Forbairt ar struchtúir éifeachtacha eagrúcháin a bhrú chun cinn</b>	
<b>4.3 Dea-rialachas a neadú ar fud BOOLI</b>	
<p>Comhaontuithe Seirbhíse maidir le gach tionscadal maoinithe faoi stiúir bhaill foirne a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh orthu. Na feidhmeanna riaracháin ar fad de chuid an Aonaid Obair Óige a chur i gcrích.</p> <p>Na forálacha sonracha sa Chomhaontú Seirbhíse idir an tAonad Obair Óige agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige a chur i bhfeidhm agus idirchaidreamh a dhéanamh le Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta i ndáil le freagrachtaí tras-fheidhme.</p> <p>Clár Rioscaí an Aonaid Obair Óige a choimeád.</p> <p>Trí chruinniú den Choiste um Obair Óige a thionól.</p>	<p>R1 – R4</p> <p>R1 – R4</p> <p>R1 – R4</p> <p>R1 – R4</p> <p>R1 – R4</p>

## Ráiteas Seirbhísí – Music Generation

<b>Spríoc 1: Seirbhísí oideachais agus oiliúna atá gairmiúil, foghlaimeoirilárnach, agus ar ardchaighdeán agus seirbhísí oiliúna a chur ar fáil</b>		
	<b>Gníomhartha 2021</b>	<b>Amscála</b>
<b>1.1 Cairt Foghlaimeora a Chruthú do BOOLI</b>		
1.1	Oibreoidh Music Generation an Longfoirt de réir na Cairte Foghlama a chruthaigh BOOLI.	R1 – R4
<b>1.2 Straitéis Múinteoireachta agus Foghlama BOOLI a fhorbairt</b>		
1.2.1	Forbróidh Music Generation an Longfoirt plean maidir le creat múinteoireachta chun comhleanúnachas a chinntiú sa mhúinteoireacht i ngach scoil agus i ngach clár.	R1 – R4
<b>1.3 Cláir a Phleanáil agus a Chomhordú</b>		
1.3.1	Déanfaidh Music Generation an Longfoirt cláir oideachais um thaibhiú ceoil do leanaí agus do dhaoine óga i gContae an Longfoirt a fhorbairt agus a rolladh amach, i gcomhréir le Plean Oibre Music Generation an Longfoirt 2021. (féach an fhaisnéis atá ag gabháil leis seo) Bunófar na cláir ar na seánraí seo a leanas: Rac-cheol/Popcheol Ceol Traidisiúnta na hÉireann Ceol Domhanda Ceol Clasaiceach Luathbhlianta	R1 – R4
<b>1.4 Dearbhú Cáilíochta a Sholáthar</b>		
1.4.1	Déanfar dhá Athbhreithniú ar Cháilíocht ar chláir Music Generation i rith 2021, le héascaíocht agus treoraíocht ó Oifig Forbartha Náisiúnta Music Generation agus le rannpháirtíocht MDO, oideoirí ceoltóirí atá páirteach sa chlár agus ó shaineolaí seachtrach ar an seánra ceoil. Scríobhfar tuarascálacha cuimsitheacha ar an dá athbhreithniú agus cuirfear faoi bhráid Stiúrthóir Scoileanna BOOLI iad.	Athbhreithniú 1: R1-R2 Athbhreithniú 2: R3-R4
<b>1.5 Freagraí nuálacha ar riachtanais faoi láthair agus amach anseo a shainaitint</b>		
1.5.1	Déanfar cláir oideachais um thaibhiú ceoil a thairiscint agus a sholáthar ar ardán ar líne mar fhreagairt chruthaitheach ar phaindéim reatha Covid-19. Beidh trí chéim ag na pleananna do gach clár in 2021: <ul style="list-style-type: none"> <li>• Foghlaim 100% ar líne</li> <li>• Foghlaim chumaisc</li> <li>• Foghlaim ar an láthair</li> </ul>	R1 – R4

1.5.2	Cheannaigh Music Generation an Longfoirt feithicil a ndéanfar mol ceoil/stiúideo taifeadta taistil di. Leis sin, cuirfear deiseanna taibhithe ceoil ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga i gceantair thuaithe an Longfoirt.	R2-R4
<b>Spríoc 2: Feabhas a chur ar na heispéiris agus torthaí foghlama d'fhoghlaimoirí</b>		
	<b>Gníomhartha 2021</b>	<b>Amscála</b>
<b>2.1 Aiseolas ó fhoghlaimoirí agus ó thuismitheoirí</b>		
2.1.1	Beidh aiseolas ó fhoghlaimoirí agus ó thuismitheoirí ar cheann de na teicnící chun fianaise a bhailiú, don dá Athbhreithniú Cáilíochta atá le déanamh ag Music Generation an Longfoirt. Cuirfear an t-aiseolas sin i dtoll a chéile agus cuirfear faoi bhráid Stiúrthóir Tacaíochta Eagraíochta BOOLI é.	
2.1.2	Tá córais á bhforbairt faoi láthair chun suirbhéanna cuí a cheapadh do thuismitheoirí agus d'fhoghlaimoirí, lena gcomhlánú ag deireadh gach téarma. Ceistiúcháin ar líne san fhormáid Microsoft Forms a bheidh sna suirbhéanna.	R2-R4
<b>2.2 Foghlaim le cuidiú TFC</b>		
2.2.2	Bíonn foghlaim leis na bogearraí SoundTrap nó Protools i gceist le gach clár léiriúcháin cheoil agus amhránaíochta ar líne.  Bainfidh Music Generation an Longfoirt úsáid as ríomhairí <i>IPad</i> chun scileanna teicneolaíochta an cheoil a mhúineadh do leanaí agus do dhaoine óga i mbunscoileanna, in iar-bhunscoileanna agus i moil cheoil in 2021.  Cruthóidh Music Generation an Longfoirt mol teicneolaíochta an cheoil/ léiriúcháin cheoil chun teicneolaíocht an cheoil a mhúineadh do leanaí agus do dhaoine óga agus úsáid á baint as ríomhairí <i>MacBook</i> , bogearraí reatha, agus cláir fuaime/mheasctha. Beidh an mol seo iniompartha freisin, a bhuíochas don fheithicil nua, agus sroichfidh sé gach ceantar sa Longfort.	R1 – R4
<b>2.3 Torthaí a Rianú agus a Thuairisciú</b>		
2.3.1	Tuairisceoidh an tOifigeach Forbartha Ceoil de chuid Music Generation an Longfoirt chuig Stiúrthóir Scoileanna, Óige agus Ceoil BOOLI ag cruinnithe míosúla.  Cuirfidh Music Generation an Longfoirt ceithre thuairisceán airgeadais agus tuarascáil staidrimh amháin faoi bhráid Oifig Forbartha Náisiúnta Music Generation agus déanfaidh dhá chur i láthair chun nuashonruithe a chur in iúl, in 2021.  Déanfaidh Oifigeach Forbartha Music Generation athbhreithniú ar 2021 a bheidh le cur san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil BOOLI.	R1 – R4

2.3.2	Freastalóidh Music Generation an Longfoirt ar dhá chruinniú le Comhairle Contae an Longfoirt in 2021 chun nuashonruithe ar chlár a chur in iúl.	R1, R4
	Leanfaidh Music Generation an Longfoirt de chaidreamh a dhéanamh le soláthróirí ceoil éagsúla i gContae an Longfoirt agus naisc a fhorbairt leo.	
<b>2.4 Feabhas a chur ar áiseanna agus acmhainní</b>		
2.4.1	Bainfidh Music Generation an Longfoirt úsáid as córas leabharlainne le scanadh agus barrachóid chun na huirlisí agus an trealamh ceoil ar fad a rianú.  Tógfar suíomhanna stórála cuí chun uirlisí agus trealamh a choinneáil slán.  Déanfar feithicil nuacheannaithe a fheistiú i gceart le bheith oiriúnach dá feidhm.	R1-R2
<b>2.5 FGL/Meantóireacht Foirne</b>		
2.5.1	Déanfar FGL d'oideoirí ceoil i ngach ráithe sna seánraí seo a leanas, á soláthar ag saineolaithe i ngach réimse: Rac-cheol/Popcheol Ceol Traidisiúnta na hÉireann Ceol Domhanda Ceol Clasaiceach Luathbhlianta	R1 – R4
<b>Spríoc 3: Cumarsáid, comhoibriú agus compháirtíocht éifeachtach a chothú</b>		
	<b>Gníomhartha 2021</b>	<b>Amscála</b>
<b>3.1 Straitéis TFC lena n-áirítear athúsáid córas agus clár a struchtú</b>		
3.1.1	Bainfidh Music Generation an Longfoirt úsáid as Microsoft Teams agus Zoom Pro chun cruinnithe ar líne a thionól agus chun foghlaim ar líne a éascú.  Leanfaidh Music Generation an Longfoirt de chloí leis na córais agus na cláir atá i bhfeidhm in BOOLI, agus úsáid á baint as OneDrive.  Bainfear úsáid as Soundtrap, ProTools, agus Garage chun leanáí agus daoine óga a mhúineadh.	R1 – R4
<b>3.2 Straitéis Cumarsáide a fhorbairt</b>		
3.2.1	Leanfaidh Music Generation an Longfoirt de straitéis mheáin chumarsáide le haghaidh 2021 a fhorbairt chun deiseanna oideachais um thaibhiú ceoil a chur ar fáil do leanáí agus do dhaoine óga i gContae an Longfoirt.  Cuirfidh Music Generation an Longfoirt tuarascálacha leanúnacha ar aghaidh le cur san áireamh i nuachtlitreacha BOOLI. Labhróidh an tOifigeach Forbartha Ceoil ar raidió áitiúil i rith na bliana agus scríobhfaidh ailt do na nuachtáin áitiúla chur forbairtí an chlár a chur chun cinn.	R1 – R4



<b>3.3 Foirne Comhoibríocha a fhorbairt</b>		
	Leanfaidh Music Generation an Longfoirt de bheith ag obair go dlúth le comhpháirtithe maoinithe – Comhairle Contae an Longfoirt agus Éire Ildánach, chun soláthar seirbhísí ardcháilíochta do dhaoine óga a chinntiú.	
3.3.1	Oibreoidh Music Generation an Longfoirt i gcomhar le Seirbhísí Óige Chontae an Longfoirt, Coiste Cúram Leanaí Chontae an Longfoirt, Foróige, Éire Ildánach an Longfoirt, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna an Longfoirt agus leabharlanna áitiúla an Longfoirt, chun cláir agus deiseanna bríocha oideachais um thaibhiú ceoil a chur ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga i gContae an Longfoirt.	R1 – R4
3.3.2	Oibreoidh Music Generation an Longfoirt ar chomhthionscadail le Music Generation Uíbh Fhailí/na hIarmhí agus le Music Generation an Chláir i rith 2021.	R1 – R4
<b>3.4 Feabhas a chur ar chomhpháirtíochtaí agus comhghuaillíochtaí le páirtithe leasmhara agus forais sheachtracha</b>		
3.4.2	Leanfaidh an tOifigeach Forbartha Ceoil de dhlúthchaidrimh oibre le páirtithe leasmhara agus le forais sheachtracha a thógáil agus a fhorbairt in 2021, trí bhíthin freastal ar chruinnithe le Comhairle Contae an Longfoirt agus le Foireann Chultúir an Longfoirt, agus trí bhíthin freastal ar chruinnithe chun nuashonruithe ar chláir agus ar thionscnaimh a chur in iúl.  Leanfaidh Music Generation an Longfoirt d'fheabhas a chur ar chomhpháirtíochtaí le Seirbhísí Óige Chontae an Longfoirt, Coiste Cúram Leanaí Chontae an Longfoirt, Foróige, Éire Ildánach an Longfoirt, agus bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna an Longfoirt, trí bhíthin cláir chuimsitheacha inbhuanaithe a chruthú lena soláthar do leanaí agus do dhaoine óga ag na páirtithe leasmhara sin.	R1 – R4
<b>Sprioc 4: Forbairt ar struchtúir éifeachtacha eagrúcháin a bhrú chun cinn</b>		
	<b>Gníomhartha 2021</b>	<b>Amscála</b>
<b>4.1 Forbairt ar struchtúr eagrúcháin a chur chun cinn</b>		
4.1.1	Leanfaidh Music Generation an Longfoirt d'Oideoirí Ceoil a earcú de réir mar is gá. Tosóidh baill foirne riaracháin don chlár i Ráithe 1.	
<b>4.2 Cur chuige Music Generation a fhorbairt chun acmhainn a chruthú maidir le bainistiú athraithe</b>		
4.2.1		
<b>4.3 Dea-rialachas a neadú ar fud BOOLI</b>		

4.3.1	Cloífidh Music Generation an Longfoirt leis na beartais arna leagan amach ag BOOLI, amhail treoirlínte sábháilteachta, grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus beartais um shábháilteacht agus sláinte leanaí.	R1-R4
4.3.2	Beidh Music Generation an Longfoirt i gcaidreamh leis an Stiúrthóir Tacaíochta Eagraíochta lena chinntiú go ndéantar monatóireacht ar gach buiséad, leithdháileadh foirne agus soláthar.	
<b>4.4 Páirt a ghlacadh i dtionscnaimh agus fóraim náisiúnta</b>		
4.4.1	Leanfaidh Music Generation an Longfoirt de chaidreamh a dhéanamh le hOifig Náisiúnta Music Generation.	
<b>Spríoc 5 Tacaíocht a thabhairt do chultúr na forbartha leanúnaí san fhoireann</b>		
	<b>Gníomhartha 2021</b>	<b>Amscála</b>
<b>5.1 Straitéis FGL do BOOLI</b>		
5.1.1	Cuirfear FGL leanúnach ar fáil do gach Oideoir de chuid Music Generation. Cuirfear oiliúint ar bhaill foirne riaracháin nuacheaptha trí bhíthin cheannoifig BOOLI.	
<b>5.2 Foirne ilréimsiúla a fhorbairt d'fhonn cultúr na nuálaíochta a chur chun cinn</b>		
5.2.1	Laistigh de BOOLI, leanfaidh Music Generation an Longfoirt de bheith ag obair go dlúth le hAonad Obair Óige BOOLI agus de chomhoibriú ar thionscadail nuair is féidir sin.	

## Ráiteas Seirbhísí – Breisoideachas agus Oiliúint (BOO)

Gníomhartha 2021	Amscála
<b>Spríoc 1: Seirbhísí oideachais agus oiliúna atá gairmiúil, foghlaimeoirilárnach, agus ar ardchaighdeán a chur ar fáil</b>	
<b>1.1 Straitéis Múinteoireachta agus Foghlama BOOLI a fhorbairt</b>	
<p>Leanfaidh Stiúrthóir BOO BOOLI de bheith ina chomhalta de Ghrúpa Stiúrtha Náisiúnta SOLAS maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) bhaill foirne atá ag obair in earnáil BOO. Sa ról sin, rannchuideoidh siad leis an bPlean Forbartha Gairmiúla náisiúnta le haghaidh BOO, ina sainaithnítear teagasc agus foghlaim mar cheann de na seacht réimse straitéiseacha don earnáil.</p> <p>Rannchuideoidh Stiúrthóir BOO leis an Straitéis náisiúnta um Theagasc agus Foghlaim i rith 2021, a bheidh mar bhonn eolais do Straitéis BOOLI um Theagasc agus Foghlaim.</p>	R1 – R4
<b>1.2 Cláir a Phleanáil agus a Chomhordú</b>	
<p>Plean Seirbhíse BOO le forbairt agus le lánpháirtíú i bPlean Seirbhíse foriomlán BOOLI 2021.</p> <p>An Plean Seirbhíse 2021 le hathbhreithniú ag an bhFoireann Bainistíochta Shinsearach ar a laghad trí huairé i rith na bliana.</p> <p>Tá gach Teimpléad d'Iarratas ar Leithdháiltí Maoinithe (FAR) SOLAS le cur i gcrích agus le cur ar ais de réir sceidil. Cuimsíonn an próiseas FAR ceithre dhoiciméad a chomhlánú (FAR 1 – FAR 4).</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Deimhníonn FAR 1 go bhfuil a chuid paraiméadar pleanála agus maoinithe breithnithe go hiomlán ag BOOLI agus go bhfuil pleananna ag teacht lena chomhaontú feidhme straitéiseach.</li> <li>• Ceadaíonn FAR 2 do BOOLI cásanna gnó achomair a leagan amach ar leibhéal ard, chun maoiniú breise a fháil do chríocha faoi leith, amhail riachtanais chaipitil agus déanann sé éascaíocht do phleananna mionsonraithe a chur ar fáil d'fhonn paraiméadair agus riachtanais faoi leith a bhaint amach.</li> <li>• Díríonn FAR 3 ar dhul chun cinn in aghaidh na spriocanna a leagtar amach laistigh de chomhaontú feidhme straitéiseach BOOLI, aon ghníomh atá ag teastáil chun dul i ngleic le haon athruithe ina leith sin agus aon athbhreithniú a dhéanfar ar na spriocanna atá beartaithe.</li> <li>• Faoi FAR 4, éilítear iarratas maoinithe BOO/ tairiscint buiséid mhionsonraithe ar mhaoiniú a fhorbairt. Ní mór go léireodh sé an bealach ina n-úsáidfear an leithdháileadh i gcomhthéacs costais soláthair, oibriúcháin agus soláthar foirne.</li> </ul> <p>An Córas Iarratais agus Tuairiscithe maidir le Maoiniú a Leithdháileadh (FARR) le cur le chéile agus le cur isteach thar ceann BOOLI.</p> <p>Leas le baint as an gCóras Tacaíochta d'Fhoghlaimeoir Cláir (PLSS) amháin chun clár BOO a chur ar fáil. Cuirfear le PLSS agus déanfar é a athbhreithniú agus a nuashonrú i rith na bliana. Tá tionscnaimh nua agus reatha BOO atá sainaitheanta mar chuid de phróiseas FAR curtha san áireamh anseo.</p>	<p>R1</p> <p>R1 – R4</p> <p>R1</p> <p>R1</p>

<p><b>Comhaontuithe Feidhmíochta Straitéiseacha le SOLAS 2018 – 2021</b> Cuireadh cruinniú idirphlé idir BOOLI agus SOLAS i gcrích i mí</p>	R1 – R4
<p>na Nollag 2019 agus eisíodh tuarascáil ar an dul chun cinn chuig BOOLI i Ráithe 4 2020. Tionólfar cruinnithe idirphlé eile maidir le dul chun cinn BOOLI ar na Comhaontuithe Feidhmíochta Straitéiseacha le SOLAS i rith 2021.</p>	R1 – R4
<p><b>1.3 Dearbhú Cáilíochta a Sholáthar</b></p>	
<p>Leanfaidh an Grúpa Maoirseachta Cáilíochta a bunaíodh dá ról maidir le treoir a chur ar fáil agus treo chóras nua Dearbhaithe Cáilíochta BOOLI a leagan amach. Tionólfar ar a laghad sé chruinniú in aghaidh na bliana.</p>	R1 – R4
<p>Leanfaidh an Grúpa Rialachais Cáilíochta dá ról maidir le córas nua Dearbhaithe Cáilíochta BOOLI a fhorbairt. Tionólfar ar a laghad sé chruinniú in aghaidh na bliana.</p>	R1 – R4
<p>Déanfar codanna den phlean feidhmithe maidir leis an gCaighdeán Nua ó Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann do BOO in BOOLI a thabhairt chun críche in 2021. Cuirfear feabhas ar an bPlean Gníomhaíochta um Cháilíocht a Fheabhsú agus ar an bPlean Oibre um Beartais agus Nósanna Imeachta. Cuirfear tús le grúpaí oibre mar fhreagairt ar na spriocanna atá leagtha amach ag an nGrúpa Rialachais Cáilíochta.</p>	R1 – R4
<p>Leanfaidh an Grúpa Rialachais Clár dá ról maidir le córas nua Dearbhaithe Cáilíochta BOOLI a fhorbairt. Tionólfar ar a laghad sé chruinniú in aghaidh na bliana.</p>	R1 – R4
<p>Déanfar codanna den phlean feidhmithe maidir leis an gCaighdeán Nua ó Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann do BOO in BOOLI a thabhairt chun críche in 2021. Cuirfear feabhas ar an bPlean Gníomhaíochta um Cháilíocht a Fheabhsú agus ar an bPlean Oibre um Beartais agus Nósanna Imeachta. Cuirfear tús le grúpaí oibre mar fhreagairt ar na spriocanna atá leagtha amach ag an nGrúpa Rialachais Clár.</p>	R4
<p>Tionólfar cruinniú athbhunaithe le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann agus scríobhfar tuarascáil ar an dul chun cinn.</p>	
<p><b>1.4 Freagraí nuálacha ar riachtanais faoi láthair agus amach anseo a shainaitheint</b></p>	

<p>Leanfar ar aghaidh le breis oibre leis an aidhm an caidreamh idir BOO agus fiontair/fostaithe sa Longfort agus san Iarmhí a chur chun cinn agus a fhorbairt. Déanfar athbhreithniú agus athstruchtúru ar an nGrúpa Rannpháirtíochta Fiontar i rith 2020 chun comhoibriú níos mó a éascú.</p>	R1 – R4
<p>Tabharfar dearadh an láithreáin Foirne Rannpháirtíochta Fiontar/SharePoint chun críche agus leathnófar é le gur féidir faisnéis a roinnt le gach ball foirne Rannpháirtíochta Fiontar.</p>	R1 – R4
<p>Deiseanna nua foghlama a chur ar fáil do dhaoine i bhfostaíocht trí bhíthin a bheith rannpháirteach sa tionscnamh “<i>Skills to Advance</i>” agus cláir a chur ar fáil don chohórt seo ach snáithe 1 go 3 a úsáid.</p>	R1 – R4
<p>Deiseanna nua foghlama a chur ar fáil do dhaoine i bhfostaíocht trí bhíthin a bheith rannpháirteach sa tionscnamh nua “<i>Skills for Work</i>” agus cláir a chur ar fáil don chohórt foghlaimeoirí seo.</p>	R1
<p>Déanfar Comhordaitheoir Oideachais Phobail do Chontae an Longfoirt a earcú, rud a leathnófar aimsiú an Oideachais Phobail, le béim faoi leith ar thacú leis na ceantair is mó riachtanais forbartha.</p>	R1
<p><b>Spríoc 2: Feabhas a chur ar na heispéiris agus torthaí foghlama d’fhoghlaimeoirí</b></p>	
<p><b>2.1 Aiseolas ó fhoghlaimeoirí agus ó thuismitheoirí</b></p>	
<p>Bunófar sásraí chun aiseolas a fháil ó fhoghlaimeoirí a bheidh mar bhonn eolais agus a thacóidh le hoideachas agus oiliúint ardcháilíochta a sholáthar inár seirbhísí BOO. Sainithneofar agus bunófar grúpaí fócais.</p>	R1 – R4
<p><b>2.2 Foghlaim le cuidiú TFC</b></p>	
<p>In 2021, déanfaidh Comhordaitheoir BOOLI um Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta (FCT) Plean Gníomhaíochta FCT a fhorbairt i gcomhairliúchán le bainistíocht, ceannairí agus baill foirne BOO. Cuimseofar na réimsí seo a leanas sa phlean:</p> <ol style="list-style-type: none"> <li>I. Bonneagar TFC</li> <li>II. Forbairt ghairmiúil leanúnach do bhaill foirne</li> <li>III. Ábhar foghlama agus dearadh clár</li> <li>IV. Struchtúr eagraíochta</li> </ol>	R1 – R2
<p>Beidh ionadaí BOOLI ar Ghrúpa Gníomhaíochta FCT de chuid SOLAS i gcónaí.</p>	R1 – R4
<p>Déanfaidh BOO roinnt acmhainní nua ar líne do mhodúil roghnaithe a fhorbairt. Cuirfear Moodle ar fáil do níos mó foghlaimeoirí.</p>	R1 – R4
<p>Bunófar Mol Digiteach i gContae an Longfoirt.</p>	R4
<p><b>2.3 Torthaí a Rianú agus a Thuairisciú</b></p>	

<p>Bainfear úsáid as PLSS agus FARR agus iad sin amháin i ngach seirbhís BOO in 2021 chun sonraí a chur isteach lena soláthrófar staitisticí ar thorthaí foghlaimeora BOO chun críocha BOOLI, SOLAS, na Roinne Oideachais agus Scileanna agus Ciste Sóisialta na hEorpa.</p> <p>Scaipfear tuarascálacha Faisnéise Bainistíochta míosúla ar líon na bhfoghlaimeoirí chuig bainisteoirí agus ceannairí BOO.</p> <p>Scaipfear tuarascálacha Faisnéise Bainistíochta míosúla ar bhuiséid chuig bainisteoirí agus ceannairí BOO.</p>	<p>R1 – R4</p> <p>R1 – R4</p> <p>R1 – R4</p>
<p><b>2.4 Feabhas a chur ar áiseanna agus acmhainní</b></p>	
<p>Tabharfar athbhreithniú ar an timpeallacht fhisiceach chun críche in 2021 agus sainaithneofar ionaid a dteastaíonn oibreacha feabhsúcháin ina leith mar thosaíocht.</p> <p>Déanfar tionscadail a dteastaíonn maoiniú caipitil ina leith a shainaithint, a chur in ord tosaíochta agus a chur ar aghaidh lena mbreithniú i gcomhair maoiniú ó SOLAS mar chuid de phróiseas cáis ghnó nua.</p> <p>Leanfaidh BOOLI de rannpháirtíocht a dhéanamh le Comhairle Contae na hIarmhí i socrú comhpháirtíochta chun teacht ar mhaoiniú ón gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe faoi Éire 2040. Tá an tionscadal ag bogadh ar aghaidh chuid céim 2 maidir le tionscadail atá “réidh le tosú” in 2021.</p> <p>Leanfaidh BOOLI de chaidreamh a dhéanamh le SOLAS agus le Comhairle Contae na hIarmhí chun bunú Ionad Breisoideachais nua don Iarmhí a bhrú chun cinn.</p>	<p>R1</p> <p>R1 – R4</p> <p>R1 – R4</p> <p>R1 – R4</p>
<p>Déanfaidh BOOLI bunú mhol digiteach nua do Contae an Longfoirt a bhrú chun cinn faoi réir ag ceadú maoinithe faoin gCiste um an Athrú Cóir.</p> <p>Sainaithníodh pleananna feabhsúcháin do líon Ionad BOO a sainaithníodh in 2020 agus atá sa chéim pleanála faoi láthair. Déanfar dul chun cinn orthu sin i rith 2021.</p> <p>Déanfar athbhreithniú i rith 2021 ar líon socrúchán léasaithe foirgneamh.</p>	<p>R1 – R4</p> <p>R1 – R4</p> <p>R2</p>
<p><b>2.5 FGL/Meantóireacht Foirne</b></p>	
<p>Déanfaidh BOOLI athbhreithniú ar a phlean um Fhorbairt Ghairmiúil (FG) 2020 agus bainfidh sé úsáid as mar bhonn eolais don phlean FGL 2021.</p> <p>Tabharfar forbairt ar Phlean FG BOO do bhaill foirne BOOLI chun críche.</p> <p>Cuirfear béim in 2021 ar na nithe seo a leanas a sholáthar:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta do gach ball foirne.</li> <li>• Uasoiliúint do bhaill foirne sa chás go dteastaíonn sin uathu chun na róil atá acu a chur i gcrích.</li> <li>• Uasoiliúint do bhaill foirne a bhfuil modúil nua á bhforbairt acu nó atá ag tabhairt faoi réimsí ábhar nua.</li> </ul>	<p>R1</p> <p>R1</p> <p>R1 – R4</p>
<p style="text-align: center;"><b>Spríoc 3: Cumarsáid, comhoibriú agus comhpháirtíocht éifeachtach a chothú</b></p>	
<p><b>3.1 Straitéis TFC lena n-áirítear athúsáid córas agus clár a struchtúru</b></p>	

Déanfaidh bainistíocht BOO tionscadail TFC a shainaithint a chuirfidh feabhas ar chumarsáid, ar roinnt faisnéis agus ar líonrú, go himheánach agus go seachtrach.	R1
Rannchuideoidh Foireann Bainistíochta Sinsearaí BOOLI agus páirtithe leasmhara eile le Straitéis TFC.	R1 – R2
<b>3.3 Foirne Comhoibríochá a fhorbairt</b>	
Bunófar pobail foghlama a bheidh saineúil don ábhar trí bhíthin TFC a úsáid laistigh de Sheirbhísí BOO BOOLI in 2021.	R1 – R4
Tá sé beartaithe cruinnithe bainisteoirí agus ceannairí BOO a reáchtáil. Tionólfar ar a laghad sé chruinniú i rith na bliana.	R1 – R4
Tionólfar cruinnithe foirne faoi stiúir na bainistíochta le ceannairí agus le baill foirne, chun athbhreithniú agus uasdátú a dhéanamh ar phleananna bainistithe rioscaí le haghaidh Ionad BOO.	R1 – R4
<b>3.4 Feabhas a chur ar comhpháirtíochtaí agus comhghuaillíochtaí le páirtithe leasmhara agus forais sheachtracha</b>	
Tabharfar liosta de chomhpháirtíochtaí agus de chomhghuaillíochtaí le páirtithe leasmhara agus le comhlachtaí seachtracha cothrom le dáta le haghaidh 2021. Rannpháirtíocht BOOLI ar fhórait áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta a thairfeadh is ea an aidhm atá leis sin.	R1
In 2021, tabharfaidh BOO freagraí ar iarratais ó eagraíochtaí seachtracha agus	



<p>glacfaidh sé páirt i bhfóiraim áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta, agus déanfaidh ionadaíocht ar BOOLI ag na fóiraim sin. Is ceart a thabhairt ar aird go bhféadfaidh sé sin a bheith dochraideach de réir mar a théann líon na n-iarratas i méid.</p> <p>Beidh BOOLI rannpháirteach le páirtithe leasmhara agus le gníomhaireachtaí d'fhonn seirbhísí oideachais agus BOO a fheabhsú.</p>	<p>R1 – R4</p> <p>R1 – R4</p>
<p><b>Spríoc 4: Forbairt ar struchtúir éifeachtacha eagrúcháin a bhrú chun cinn</b></p>	
<p><b>4.2 Cur chuige Music Generation a forbairt chun acmhainn a chruthú maidir le bainistiú athraithe</b></p>	
<p>Cuirfidh BOOLI tacaíocht agus forbairt ghairmiúil ar fáil do bhaill foirne a bhfuil ról ceannaireachta BOO acu.</p> <p>Feabhsófar an soláthar um an Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas trí bhíthin beirt Oideoir Aosach nua a earcú chun tacú leis an obair.</p> <p>Cabhróidh earcú Oifigigh Forbartha Foirgneamh agus Caipitil le BOOLI chun áitribh a forbairt ina gcuirfear soláthar an teagaisc agus na foghlama d'fhoghlaimoírí agus do bhaill foirne chun cinn.</p>	<p>R1 – R4</p> <p>R1</p>
<p><b>4.3 Dea-rialachas a neadú ar fud BOOLI</b></p>	
<p>Leanfaidh bainistíocht BOO de bheith ag obair le fóram na Stiúrthóirí Tacaíochta Eagraíochta agus Forbartha in 2021 chun beartais agus nósanna imeachtaí cuí a forbairt maidir le Sláinte agus Sábháilteachta.</p> <p>Tionólfar cruinnithe le Bainistíocht, Ceannairí agus baill foirne BOO go rialta i rith 2021 agus é mar aidhm leo nuashonruithe ar riachtanais agus freagrachtaí maidir le rialachas corparáide a chur in iúl.</p>	<p>R1 – R4</p> <p>R1 – R4</p>
<p><b>4.4 Páirt a ghlacadh i dtionscnaimh agus fóiraim náisiúnta</b></p>	
<p>Freastalóidh bainistíocht, ceannairí agus baill foirne BOO ar chomhdhálacha BOO, ar laethanta faisnéise SOLAS agus ar sheisiúin faisnéise, chun láithreachta BOOLI ag imeachtaí den sórt sin a chinntiú.</p> <p>Déanfaidh BOOLI imeachtaí a phleanáil agus a reáchtáil a bheidh tábhachtach d'fhoghlaimoírí, d'fhostóirí, do chomhlachtaí áitiúla agus náisiúnta, do ghníomhaireachtaí agus do pháirtithe leasmhara i rith 2021. Leanfaidh Seirbhísí Teorach agus Earcaíochta d'Aosaigh de ról tábhachtach a ghlacadh sa réimse sin.</p> <p>Beidh BOOLI ina chomhalta gníomhach de na forais, gníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara ábhartha áitiúla agus náisiúnta uile, agus glacfaidh sé páirt i réimse imeachtaí le linn 2021 agus cuirfidh sé leis na himeachtaí sin.</p>	<p>R1 – R4</p> <p>R1 – R4</p> <p>R1 – R4</p>
<p><b>Spríoc 5: Tacaíocht a thabhairt do chultúr na forbartha leanúnaí san fhoireann</b></p>	
<p><b>5.1 Straitéis FGL do BOOLI</b></p>	

<p>Cuirfidh BOOLI tacaíocht leanúnach ar fáil do bhainisteoirí, do cheannairí agus do bhail foirne trí bhíthin mheantóireacht saindírithe agus Forbairt Ghairmiúil.</p> <p>Forbraíodh plean bliantúil maidir le Forbairt Ghairmiúil le SOLAS in 2020 inar sainaithníodh réimsí tosaíochta forbartha faoi leith. Cuirfidh an plean sin leis an Straitéis nua cúig bliana um Fhorbairt Ghairmiúil don earnáil BOO.</p> <p>Leanfaidh ionadaí FG BOOLI ar Líonra FG na mBord Oideachais agus Oiliúna de bheith rannpháirteach ann chun críocha clár oibre na forbartha gairmiúla do BOO a bhrú chun cinn.</p>	<p>R1 – R4</p> <p>R1</p> <p>R1 – R4</p>
<p><b>5.2 Foirne ilréimsiúla a fhorbairt d’fhonn cultúr na nuálaíochta a chur chun cinn</b></p>	
<p>Déanfaidh BOOLI deiseanna a bhreithniú maidir le foirne nua ilréimsiúla a fhorbairt ina bhféadfaí eagraíochtaí seachtracha a chur san áireamh.</p>	<p>R1 – R4</p>

## Ráiteas Seirbhísí – Tacaíocht agus Forbairt na hEagraíochta

<b>Sprioc 1: Seirbhísí oideachais agus oiliúna atá gairmiúil, foghlaimeoirilárnach, agus ar ardchaighdeán a chur ar fáil</b>		
	<b>Gníomhartha 2021</b>	<b>Amscála</b>
<b>1.3 Cláir a Phleanáil agus a Chomhordú</b>		
1.3.1	Plean Seirbhíse le haghaidh 2021 a fhorbairt	R1
<b>1.4 Dearbhú Cáilíochta</b>		
1.4.1	Foireann um Chaighdeáin Cháilíochta a bhunú i ngach Rannóg Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta	R2 – R4
<b>1.5 Freagraí nuálacha ar riachtanais faoi láthair agus amach anseo a shainaitheint</b>		
1.5.2	Caidreamh a dhéanamh leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus le páirtithe leasmhara áitiúla maidir leis an bpróiseas um Athchumrú Scoileanna don Éagsúlacht san earnáil bunscoile.	R3 - R4
1.5.3	Tacú le hiarratais ar phátrúnacht maidir le bunscoileanna agus iarbunscoileanna sa Longfort agus san Iarmhí.	R3 - R4
1.5	Na naisc idir an Clár Réadmhaoine agus na córais P2P agus foinsí sonraí neamhspleácha eile (PPOD) a chur i bhfeidhm.	R1 – R4
	Athbhreithnithe ar an Ráiteas Sábháilteachta agus ar Shláinte agus Sábháilteacht do gach suíomh a thabhairt chun críche.	R1 – R4
	An cur chuige maidir le creat ilsoláthraí a leathnú amach chun seirbhísí a chur san áireamh agus úsáid a bhaint as aipeanna chun soláthar a tharraingt anuas.	R1 – R4
	Cur chuige cuimsitheach nua a chur i bhfeidhm maidir le Gníomhú ar son na hAeráide.	R1 – R4
<b>Sprioc 2: Feabhas a chur ar na heispéiris agus torthaí foghlama d'fhoghlaimeoirí</b>		
	<b>Gníomhartha 2021</b>	<b>Amscála</b>
<b>2.1 Aiseolas ó fhoghlaimeoirí agus ó thuismitheoirí</b>		
2.2.1		
<b>2.4 Feabhas a chur ar áiseanna agus acmhainní</b>		

2.4	<p>Clár cothabhála a chur i bhfeidhm do gach foirgneamh faoi úinéireacht.</p> <p>Méadrú cliste a chur i bhfeidhm i ngach suíomh le tuairiscí tráthúla trína gcuirtear eolas inghníomhaithe ar fáil d'Ionaid agus Scoileanna.</p> <p>Tá BOOLI ag obair i gcomhar le GBCN chun síneadh suntasach le foirgnimh scoile Coláiste Pobail Bhaile na gCros a sholáthar. Samhlaítear go lorgófar cead pleanála in 2021 agus go dtosófar ar an láthair a ullmhú.</p> <p>I Coláiste Cholumba, Chill Liúcainne, dul chun cinn a dhéanamh ar chéim an dearaidh maidir le síneadh suntasach, a cuirfidh ar chumas rogha ábhair níos leithne agus méadú i líon na scoláirí a chur ar fáil.</p> <p>Ceapadh BOOLI mar Fheidhmeannach Tionscadail ag an Roinn Oideachais agus Scileanna ar forbraíocht Gaelscoil dhá sheomra ranga déag i Baile an Longfoirt.</p>	<p>R2 – R4</p> <p>R1 – R4</p> <p>R1 - R4</p> <p>R1 – R4</p> <p>R1 – R4</p>
<b>Sprioc 3: Cumarsáid, comhoibriú agus comhpháirtíocht éifeachtach a chothú</b>		
	<b>Gníomhartha 2021</b>	<b>Amscála</b>
<b>3.1 Straitéis TFC lena n-áirítear athúsáid córas agus clár a struchtú</b>		
3.1.1	<p>Cur chuige um thuairisciú neamhspleách a fhorbairt ach úsáid a bhaint as na bunachair shonraí in P2P, an clár réadmhaoine, SUN, PPOD.</p> <p>Plean Leanúnachais Gnó a fhorbairt:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Teimpléad a chur i bhfeidhm ar féidir le scoileanna agus ionaid aonair úsáid a bhaint as</li> <li>• Cúig Thubaiste coitianta a leagan amach</li> <li>• Dul i dteagmháil le IPB lena chinntiú go dtuigeann na scoileanna/ionaid na costais a chlúdaítear</li> </ul> <p>Tástáil a dhéanamh, uair amháin ar a laghad, ar mar a oibríonn an Plean Leanúnachais Gnó.</p> <p>Plean Téarnaimh Tubaiste a fhorbairt:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Teimpléad a chur i bhfeidhm ar féidir le scoileanna agus ionaid aonair úsáid a bhaint as</li> <li>• Cúig Thubaiste coitianta a leagan amach</li> <li>• Dul i dteagmháil le IPB lena chinntiú go dtuigeann na scoileanna/ionaid na costais a chlúdaítear</li> <li>• Tástáil a dhéanamh, uair amháin sa bhliain ar a laghad, ar mar a oibríonn an Plean Téarnaimh Tubaiste.</li> </ul>	<p>R1 – R4</p> <p>R3 – R4</p> <p>R1 – R2</p> <p>R2 – R4</p> <p>R1 – R3</p>
<b>3.2 Straitéis Cumarsáide a fhorbairt</b>		

3.2.1	Caidreamh a dhéanamh le SLT chun forbairt na Straitéise Cumarsáide a thabhairt chun críche.	R1 – R4
<b>3.3 Foirne Comhoibríocha a fhorbairt</b>		
3.3.1	Lámhleabhar Oibríochtaí BOOLI a thabhairt chun críche. An stór Beartas, Nósanna Imeachta, cleachtais agus treoirlínte i ngach réimse oibre sa Cheannoifig a chur i bhfeidhm.	R1 – R4
3.4.2	Leanúint de chaidreamh a dhéanamh le fóraim Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann maidir le Stiúrthóirí Tacaíochta Eagraíochta agus Forbartha, Airgeadais, Corparáideach, Soláthair, agus Foirgneamh.	R1 – R4
	Leanúint de chaidreamh a dhéanamh le Seirbhísí Gnó Comhroinnte Oideachais ar na tionscadail éagsúla Seirbhísí Comhroinnte.	R1 – R4
<b>Sprioc 4: Forbairt ar struchtúir éifeachtacha eagrúcháin a bhrú chun cinn</b>		
	<b>Gníomhartha 2021</b>	<b>Amscála</b>
<b>4.1 Forbairt ar struchtúr eagrúcháin a chur chun cinn</b>		
4.1.1	Díriú tuilleadh ar an rannóg Soláthair chun aird a tharraingt ar an ngá le <ul style="list-style-type: none"> <li>• aonaid tacaíochta agus bhainistithe conarthaí le haiseolas bunaithe ar fhianaise</li> <li>• córas bainistithe conarthaí a chur i bhfeidhm</li> </ul>	R1 – R4
4.1.2	Uasghrádú airgeadais a dhéanamh ar P2P agus Clibeáil Sócmhainní: <ul style="list-style-type: none"> <li>• An córas stoic a chur beo</li> <li>• Córais airgeadais a chumasc in aon Chóras Airgeadais amháin.</li> </ul>	R1 – R4
4.1.3	Treochlár le haghaidh Sheirbhísí Corparáideacha a fhorbairt: <ul style="list-style-type: none"> <li>• Struchtúr beartaithe le haghaidh Sheirbhísí Corparáideacha a chur ar bhonn foirmiúil</li> <li>• Freagrachtaí agus amlínte chur chun feidhme a chur san áireamh</li> </ul>	R1 – R4
4.1.4	Treochlár le haghaidh Acmhainní Daonna/Párolla: <ul style="list-style-type: none"> <li>• Cairt Eagraíochta shoiléir maidir le staid Acmhainní Daonna amach anseo a fhorbairt</li> <li>• Plean forbartha a fhorbairt d'Acmhainní Daonna/Párolla maidir leis an oiliúint atá ag teastáil ó bhaill foirne Acmhainní Daonna</li> <li>• Plean Cumarsáide a fhorbairt d'Acmhainní Daonna</li> </ul>	R1 – R4
<b>4.2 Cur chuige Music Generation a fhorbairt chun acmhainn a chruthú maidir le bainistiú athraithe</b>		
4.2.1	Athbhreithniú a dhéanamh ar na tacair scileanna atá ag teastáil agus atá ann i bhfianaise na timpeallachta nua 'BOO amháin Córas amháin'. Mionsionscadail a aithint chun tacú le torthaí a bhaint amach i ngach rannóg faoi leith.	R1 – R4
<b>4.3 Dea-rialachas a neadú ar fud BOOLI</b>		

4.3.1	<p>Bord BOOLI:</p> <p>Tacaíocht leanúnach a chur ar fáil do Chathaoirleach, chomhaltaí agus coistí BOOLI lena chinntiú go gcuirtear na riachtanais ar fad i bhfeidhm de réir an Chóid Chleachtais maidir le Rialachas BOO.</p> <p>Béim a chur an athuair ar an riachtanas maidir le freastal ar chruinnithe boird, i gcomhréir leis an gcód.</p>	R1 – R4
	<p>Tacú le BOOLI chun an próiseas féinmheasúnaithe a dhéanamh, le ceistiúchán a ghabhann le doiciméad an Chóid Chleachtais, chun dea-chleachtais agus réimsí a dteastaíonn feabhas uathu a shainiú.</p>	
4.3.2	<p>Coistí Boird BOOLI:</p> <p>Leanúint de thacú le dea-chleachtais Choistí BOOLI.</p> <p>A chinntiú go ndéanann an bord gach ceapachán chuig coistí iniúchta agus airgeadais i gcomhairliúchán le cathaoirligh na gcoistí. Taithí ar chúrsaí iniúchta, airgeadais agus eile le tabhairt chuig a ról ag comhaltaí seachtracha.</p> <p>Cathaoirleach BOOLI lena chinntiú go leanfar de thuarascálacha ar an obair a dhéanann an choiste airgeadais agus an coiste iniúchta agus riosca a chur faoi bhráid chomhaltaí an bhoird.</p> <p>Cathaoirligh na gcoistí iniúchta agus riosca lena chinntiú go dtugtar an cleachtadh féinmheasúnaithe chun críche gach bliain, de réir mar a éilítear faoi Chód Cleachtais na mBord Oideachais agus Oiliúna.</p>	
4.3.3	<p>Tuairisciú:</p> <p>A chinntiú go gcloítear leis na treoirlínte tuairiscithe arna leagan amach ag na ranna rialtais ar fad.</p> <p>Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na creataí a chabhraíonn le haonaid BOOLI chun a riachtanais reachtúla a chomhlíonadh.</p> <p>Dul chun cinn a dhéanamh ar an bhforbairt ar Phleananna Bainistithe Riosca le haghaidh gach réimse:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Aistriú isteach sa timpeallacht SharePoint</li> <li>• Oiliúint a chur ar fáil do dhaoine atá ag tabhairt faoi Bhainistíocht Riosca faoi láthair agus do dhaoine eile de réir mar is gá.</li> <li>• Leanúint de chinntiú go dtugtar tuairisciú bainistithe riosca chun críche i ngach réimse den eagraíocht.</li> <li>• A chinntiú go gcuireann an coiste iniúchta agus riosca tuairisciú ar bhainistiú riosca ar fáil do bhord BOOLI.</li> </ul>	R1 – R4
4.3.4	<p>A chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte tuairiscithe ar fad arna leagan amach ag ranna rialtais.</p>	R1 – R4
4.3.5	<p>Leanúint de chinntiú go bhfaigheann an bord dearbhú leordhóthanach go bhfuil rialuithe sonrathaithe ag oibriú mar a bheartaítear.</p>	R1 – R4

4.4 Páirt a ghlacadh i dtionscnaimh agus fóraim náisiúnta		
4.4.1	<p>Caidreamh a dhéanamh le agus ag tacú le hAirgeadas, Soláthar, Acmhainní Daonna / Seirbhísí Corparáideacha IR agus fóraim Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta i mBoird Oideachais agus Oiliúna Éireann trí bhíthin freastal ar na fóraim éagsúla agus baill foirne a scaoileadh amach le freastal orthu.</p> <p>Caidreamh a dhéanamh le agus tacú le Seirbhísí Gnó Comhroinnte Oideachais maidir le na Seirbhíse Roinnt Airgeadais a leagan amach:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Freastal ar sheisiúin faisnéise</li> <li>• Doiciméid agus nuashonruithe ábhartha a scaipeadh ar an bhfoireann</li> </ul> <p>Caidreamh a dhéanamh le Seirbhísí Gnó Comhroinnte Oideachais.</p> <p>Caidreamh a dhéanamh le SEAI agus tacú lena gcuid tionscnamh chun an dearadh a leagan amach don todhchaí.</p>	R1 – R4

### Spríoc 5: Tacaíocht a thabhairt do chultúr na forbartha leanúnaí san fhoireann

	Gníomhartha 2019	Amscála
<b>5.1 Straitéis FGL do BOOLI</b>		
5.1.1	<p>Tús a chur le hathbhreithniú foirmiúil a dhéanamh ar an tacar scileanna a bhaineann le ról riaracháin. Plean imlíne FGL a fhorbairt do gach limistéar feidhme riaracháin.</p> <p>Straitéis foriomlán FGL a fhorbairt do BOOLI.</p>	R1 – R4
5.1.2	<p>An ról Bainisteoir Oiliúna a tharmligean.</p> <p>Anailís a dhéanamh ar riachtanais oiliúna in 2021 agus gach bliain ina dhiaidh sin.</p> <p>Cláir oiliúna a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm maidir le Bainistiú Airgeadais, Acmhainní Daonna agus Seirbhísí Corparáideacha.</p>	R2
<b>5.2 Foirne ilréimsiúla a fhorbairt d'fhonn cultúr na nuálaíochta a chur chun cinn</b>		
5.2.1	<p>Liosta Tionscadal 2021 a fhorbairt.</p> <p>Foirne ilréimsiúla cuí a chruthú chun tionscnaimh thionscadail 2021 a chur i gcrích.</p> <p>Na hacmhainní airgeadais, foirne agus ama is gá chun iad a chur i bhfeidhm a shainithint.</p>	R1 – R2



## Comhaontú Soláthar Feidhmíochta 2021

Rinne BOOLI Comhaontú Soláthar Feidhmíochta leis an Roinn Oideachais agus Scileanna in 2020. Tá BOOLI ag súil go ndéanfar comhaontuithe nua le Ranna ábhartha in 2021. Táthar ag súil go sainaithneofar réimse spriocanna agus tosaíochtaí sa Chomhaontú sin, amhail na cinn a leagtar amach thíos, chomh maith leis na táscairí feidhmíochta agus cuspóirí a bhaineann leo.

Sprioc	Tosaíocht	Gníomh	Táscaire Feidhmíochta	Cuspóir
<b>Barr feabhais a chur ar eispéireas Scoláirí/</b>	Eispéireas foghlama dearfach a chur ar fáil do gach foghlaimeoir, lena n-áirítear foghlaimeoirí ó ghrúpaí imeallaithe	Léirítear meas ar fhoghlaimeoirí	Mar a léirítear i Spriocanna 1.1-1.5	Mar a léirítear i Spriocanna 1.1-1.5 Plean Seirbhíse 2021
	Curaclam leathan a chur ar fáil	Cuireann BOOLI cláir BOO ar fáil ar fud réimse éagsúil ábhar.	Mar a léirítear i Spriocanna 1.3 agus 1.5 Plean Seirbhíse 2020	Mar a léirítear i Spriocanna 1.3 agus 1.5 Plean Seirbhíse 2021
	Córais Dearbhaithe Cáilíochta a chur i bhfeidhm.	Déantar Córais Dearbhaithe Cáilíochta A choimeád, a athbhreithniú agus a leasú de réir mar is cuí.	Tá córais Dearbhaithe Cáilíochta reatha ag feidhmiú go héifeachtach.	Clárú le gach córas Dearbhaithe Cáilíochta cuí a choimeád
	Tacú le scoláirí/ Foghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais ag teacht le beartas náisiúnta reatha.	Tacaíocht bhreise a chur ar fáil d'foghlaimeoirí atá ag freastal ar Ógtheagmháil, Ionaid Oiliúna Pobail agus seirbhísí Litearthachta d'Aosaigh.	Tá Ógtheagmháil, Ionad Oiliúna Pobail agus seirbhísí Litearthachta d'Aosaigh ar fáil ar fud Chontaetha An Longfoirt agus na hIarmhí.	1,000 Tairbhí
	Treoraíocht agus seirbhísí comhairleacha a chur ar fáil	Cuireann BOOLI seirbhís Treoirchomhairleachta ar fáil in BOO agus seirbhísí comhairleoireachta i ngach scoil.	Cuirtear an tseirbhís Treoirchomhairleoireachta ar fáil ar fud Chontae an Longfoirt agus Chontae na hIarmhí.	Baineann 1,500 cliant úsáid as an tSeirbhís Treoirchomhairleoireachta D'Aosaigh agus 3,000 scoláire dara leibhéal.

	Saoráidí foghlama/oiliúna ardcháilíochta a chur ar Fáil.	Athbhreithniú ar shaoráidí foghlama/oiliúna laistigh de BOO agus scoileanna.	Déantar an buiséad a imfhálú agus a leithdháileadh chun na críche sin.	Buiséad €50,000 in BOO. Mar a cheadaíonn an Roinn le haghaidh scoileanna.
	Oideachas allamuigh a	N/A	N/A	N/A
	chur chun cinn agus a fhorbairt.			
	Pleanáil a dhéanamh do dhéimeagrafaic i mbun athraithe	Níos mó clár páirtaimseartha a chur ar fáil agus cuid díobh sceidealaithe do thráthnónta.	Soláthar páirtaimseartha a leagan amach.	600 Tairbhí
	Caidreamh éifeachtach a dhéanamh le fostóirí	Leanúint de dheiseanna oiliúna agus oideachas a chur ar fáil do dhaoine atá fostaithe nó a chuireann fostaíocht ar fáil.	Sceideal na gclár do dhaoine fostaithe	400 Tairbhí
	Cláir oiliúna agus printíseachta a chur ar fáil agus a fhorbairt	Cláir oiliúna agus printíseachta a chur ar fáil	Tá cláir oiliúna agus printíseachta ar fáil d'fhoghlaimoirí	200 Tairbhí
	A chinntiú go bhfuil gach beart cosanta leanáí riachtanach i bhfeidhm de réir na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanáí do Bhunscoileanna agus Iarbhunscoileanna 2017	Tá bearta cosanta leanáí i bhfeidhm	Tá cosaint leanáí ina mhír ar chlár oibre ag cruinnithe ceannairí, ball foirne agus boird bainistíochta	Déantar bearta a athbhreithniú 4 huairé in aghaidh na bliana
	Tosaíochtaí STEM/STEAM i scoileanna	Athbhreithniú ar an gcuraclam ar fáil i scoileanna	Réimse cúrsaí ar fáil ar an gcuraclam.	Líon scoláirí ag tabhairt faoi ábhair
	Tacaíochtaí foghlama TFC ar ardchaighdeán a chur ar fáil i scoileanna/ionaid	Athbhreithniú a dhéanamh ar thacaíochtaí foghlama TFC in ionaid BOO agus i scoileanna.	Déantar an buiséad a imfhálú agus a leithdháileadh chun na críche seo.	Buiséad BOO €20,000  Maoiniú mar a cheadaíonn an rannóg i scoileanna
<b>Tacaíocht Foirne</b>	Baill foirne a earcú agus a choinneáil.	Leanúint de bhaill foirne den scoth a earcú de réir an dea-chleachtais agus na reachtaíochta fostaíochta. Tionscnaimh a shainaitheint chun baill foirne a choinneáil go háirithe i réimsí barrthábhachtacha na heagraíochta.	Aga tionscanta do cheapacháin a laghdú 10%. Ráta coinneála a mhéadú 10% Líon na gComórtas a laghdú 10%.	+150 comórtas earcaíochta.
	Tacú le baill foirne i bhforbairt ghairmiúil	Beartas FGL a chur i bhfeidhm. Beartas saoire staidéir a chur i	Líon na n-áiteanna oiliúna a cuireadh ar fáil. Beartais i bhfeidhm	Méadú 10% ar áiteanna FGL.

leanúnach	bhfeidhm. Líon na n-áiteanna oiliúna FGL a mhéadú do bhaill foirne.	agus curtha in iúl do bhaill foirne.	
-----------	---	--------------------------------------	--

	Tacú le ceannaireacht ar ardchaighdeán sa BOO agus forbairt a dhéanamh uirthi	Athbhreithniú a dhéanamh ar na scileanna atá de dhíth, bearnaí a shainaithint, idirghabhálacha oiliúna a chur i bhfeidhm de réir mar is cuí.	Líon na seisiún oiliúna / comhdhálacha ar freastalaíodh orthu.	Méadú 10% i ndeiseanna oiliúna agus foghlama do cheannairí agus ceannairí ionchasacha.
	Feasacht ar shláinte agus sábháilteacht a chur chun cinn.	Cur chuige Sláinte agus Sábháilteachta cuimsitheach a fhorbairt do BOOLI.	Plean do gach scoil agus ionad	Feasacht níos mó i measc baill foirne agus scoláirí.
	Timpeallacht oibre dhearfach agus thacúil a chur ar fáil.	Cur chuige inbhuanaithe maidir le gníomhú ar son na haeráide a fhorbairt do BOOLI.	Oiliúint a chur ar bhail foirne maidir leis an gcóras SEAI M&R.	Timpeallacht oibre dhearfach níos inbhuanaithe.
	Tacú le folláine na foirne	Déanfar plean bliantúil don Fhorbairt Ghairmiúil atá chun dul leis an Straitéis nua cúig bliana um Fhorbairt Ghairmiúil don earnáil BOO a fhorbairt don fhoireann ar fad in 2020.	Aithníodh réimsí forbartha faoi leith.	Sainaithníodh tionscnaimh bunaithe ar thosaíochtaí.
<b>Rialachas</b>	Struchtúir agus córais eagraíochtúla a fhorbairt chun riachtanais na heagraíochta a bhaint amach de réir mar a athraíonn siad.	Tuilleadh beartas agus nósanna imeachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. SharePoint a thabhairt isteach. Córas tuairiscithe árachais a thabhairt isteach maidir le tionóiscí agus teagmhais.	Beartais le ceadú. SharePoint lonnaithe le bheith i ngach ceantar Tacaíochta agus Forbairt Eagraíochta i gcomhair oibríochtaí reatha. Taifeadadh teagmhais agus tionóiscí ar an gcóras.	Ceadáíodh 30 beartas. Gach rannóg Tacaíochta agus Forbairt Eagraíochta ag úsáid SharePoint le haghaidh oibríochtaí ó lá go lá. Gach teagmhas stairiúil le tamall anuas curtha isteach sa chóras nua. Beidh gach láthair ag baint úsáid as an gcóras seo chun teagmhais a thaifeadadh faoi dheireadh 2020.
	Airgeadas agus riosca a bhainistiú go héifeachtach.	An tAirgeadas ar fad a chomhdhlúthú in aon chóras amháin. Aipeanna Ábhar Ranga a thabhairt isteach.	Aon Chóras Airgeadais Amháin. Tá aipeanna Ábhar Ranga ag feidhmiú.	Aon Chóras Airgeadais Amháin ag feidhmiú ó mhí Eanáir 2021. An aip 'Ealaíona & Ceardaíocht' beo faoi dheireadh R1 2020. Gach

				ceann eile beo faoi R4 2020.
	Acmhainní a úsáid ar bhealach éifeachtach.	Líon na gcomórtas soláthair a mhéadú. Córas Bainistithe Conarthaí éifeachtach a chruthú.	Líon na gcomórtas Soláthair Córas Bainistithe Conarthaí	Méadú 10%. Córas nó Próiseas Bainistíochta Conarthaí a fhorbairt faoi Nollaig 2020
	Cumarsáid éifeachtach a dhéanamh.	Córas nua VOIP a thabhairt isteach in ngach Suíomh	Córas VOIP beo i ngach suíomh. Gach Stiúrthóir lena chinntiú	An córas nua curtha isteach i 15 suíomh.
		SharePoint a neadú ina phríomhfhoinsé faisnéise don fhoireann ar fad. Ionchur dinimiciúil a chruthú dár nuachtlitir	go ndéantar gach eolas a uaslódáil ar an gcuid ábhartha de Sharepoint	Sonraí curtha sna “rannóga foirne ar fad” Airgeadas, Acmhainní Daonna, Párolla, Seirbhísí Corparáideacha, Foirgnimh, Soláthar.
	Comhaontuithe Seirbhíse a fhorbairt le páirtithe leasmhara seachtracha	Comhaontuithe Seirbhíse forbartha agus curtha i bhfeidhm faoi mar a éilítear.	Comhaontuithe Seirbhíse sínithe.	
	Cosaint sonraí éifeachtach a chinntiú	Na ceanglais RGCS a neadú tuilleadh	Iníuchtaí maidir le comhlíonadh a chur i gcrích. Cuir i láthair don Fhoireann agus do Scoláirí.	10 nIníuchadh maidir le comhlíonadh 10 gCur i Láthair
	Caidreamh éifeachtach a bhunú le páirtithe leasmhara agus comhpháirtíochtaí a fhorbairt.	Déanfar liosta de chomhpháirtíochtaí agus comhghuaillíochtaí le páirtithe leasmhara agus forais sheachtracha a nuashonrú le haghaidh 2020.	Creat do pháirtithe leasmhara forbartha.	Liosta caidreamh.
	Leanúint den dea-chleachtas maidir le soláthar.	Creataí ilsoláthraí a thabhairt isteach d’fhonn leibhéal níos airde faisnéis a ghabháil.	Líon creat ilsoláthraí	10 gcreat nua Ilsoláthraí i bhfeidhm faoi dheireadh 2020

	A chinntiú go bhfuil ceanglais reachtúla agus rialála á gcomhlíonadh	Níos mó ná 80% den chaiteachas uile a chlúdach le comórtas soláthair	An méid caiteachais á chlúdach le comórtas soláthair.	80% den chaiteachas ar fad le bheith clúdaithe ag próiseas soláthair foirmiúil (bíodh sin ina Ríomhthairiscint, Tairiscintí, Creataí nó próiseas um Threirdhoiciméad Teicniúil)
	A chinntiú go bhfuil na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iarbhunscoileanna 2017 á gcomhlíonadh go hiomlán.	Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána le déanamh an athuair ar an bhfoireann ar fad faoi dheireadh 2020.	Beidh Grinnfhiosrúchán reatha an Gharda Síochána curtha i bhfeidhm ar an bhfoireann ar fad faoi dheireadh 2020.	Tacaithe 100% ag liosta iomlán de dhátaí éaga maidir le Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána don fhoireann.
<b>Clár Cosanta</b>	Cuidiú le ROS, de réir mar is gá, chun na riachtanais a eascraíonn as Clár na hÉireann um Dhídeanaithe a Chosaint a bhaint amach agus foráil a dhéanamh d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta.	Cuideoidh BOOLI le ROS, de réir mar is gá, chun na riachtanais a eascraíonn as Clár na hÉireann um Dhídeanaithe a Chosaint a bhaint amach agus foráil a dhéanamh d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta.	Freagróidh BOOLI trí áiteanna d'fhoghlaimoirí a chur ar fáil don ghrúpa cliant seo.	20 Tairbhí.

## Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí

### Teacht Isteach agus Caiteachas Réamh-Mheasta

	An bhliain dar críoch 31/12/2021	An bhliain dar críoch 31/12/2020
<b>FÁLTAIS</b>		
Deontais um Iar-bhunscoileanna & an Cheannoifig	28,947,156	27,781,336
Deontais um Breisoideachas agus Oiliúint	30,033,358	25,946,657
Deontais um Sheirbhísí Óige	875,939	1,045,269
Gníomhaireachtaí & Tionscadail Féinmhaoinithe	1,554,520	1,404,520
Caipiteal	<u>1,622,267</u>	<u>2,205,313</u>
	<b>63,033,240</b>	<b>58,383,095</b>
<b>ÍOCAÍOCHTAÍ</b>		
Iar-bhunscoileanna & an Cheannoifig	28,947,156	27,734,166
Breisoideachas agus Oiliúint	30,033,358	23,306,620
Seirbhísí Óige	875,939	1,080,050
Gníomhaireachtaí & Tionscadail Féinmhaoinithe	1,677,961	1,590,961
Caipiteal	<u>1,633,963</u>	<u>1,619,935</u>
	<b>63,168,377</b>	<b>55,331,732</b>
<b>Barrachas/(Easnamh) Airgid Thirim don Tréimhse</b>	<b>-135,137</b>	<b>3,051,363</b>

**Nóta:** Dréacht atá sa táirgeacht le haghaidh 2020 agus tá sé faoi réir iniúchta

## Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí

### Scoileanna agus an Cheannoifig

	An bhliain dar críoch 31/12/2021	An bhliain dar críoch 31/12/2020
<b>Íocaíochtaí Scoileanna &amp; Ceannoifige</b>		
<b>PÁ</b>		
Teagasc	23,043,034	21,714,931
Riarachán	2,401,257	2,512,540
Cothabháil	<u>555,258</u>	<u>538,478</u>
	<b>25,999,549</b>	<b>24,765,949</b>
<b>NEAMHPHÁ</b>		
Teagasc	340,000	316,701
Riarachán	1,077,338	1,082,019
Cothabháil	<u>425,000</u>	<u>373,614</u>
	<b>1,842,338</b>	<b>1,772,334</b>
<b>CLÁIR GHAOLMHARA</b>		
Seirbhísí Tacaíochta Scoláirí	287,111	278,720
Deontas le haghaidh Bonneagar TFC	226,043	275,750
Maoiniú DEIS do Theagmhálaí Baile agus Scoile	110,000	103,429
Deontais maidir le COVID 19	291,085	317,027
Deontais Leabhar	107,673	121,533
Eile	<u>83,357</u>	<u>99,424</u>
	<b>1,105,269</b>	<b>1,195,883</b>
<b>Iomlán</b>	<b>28,947,156</b>	<b>27,734,166</b>



## Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí

### Breisoideachas agus Oiliúint

	<b>An bhliain dar críoch 31/12/2021</b>	<b>An bhliain dar críoch 31/12/2020</b>
<b>ÍOCAÍOCHTAÍ BREISOIDEACHAIS AGUS OILIÚNA</b>		
Printíseachtaí	4,006,115	2,850,105
Foireann agus Oibríochtaí TC	4,949,000	4,069,638
Soláthraithe Sainoiliúna	3,199,412	2,594,853
Oiliúint Scileanna	2,978,435	1,785,863
Ógtheagmháil	2,159,013	1,964,921
Ionaid Oiliúna Pobail	2,386,210	2,148,252
VTOS	1,292,910	1,549,628
Litearthacht d'Aosaigh	1,000,000	1,017,591
An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas	1,054,344	1,054,344
Cúrsaí Oiliúna	2,546,687	817,745
Cúrsaí iar-Ardteistiméireachta	1,105,545	874,379
Uaireanta Comhoibrithe	350,000	241,478
Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla	640,037	569,456
An Ciste um Míbhuntáiste Oideachasúil a Mhaolú	0	76,430
Costais maidir le Cáilíocht	155,000	57,770
Cúrsaí Oíche	260,000	182,080
Treoir d'Aosaigh	370,000	351,521
ESOL	280,000	300,418
Oideachas Pobail	385,000	226,258
Cláir do Dhídeanaithe	60,000	158,376
Forchostais BOO maidir le COVID-19	210,000	80,693
ITABE	100,000	97,138
Scileanna don Obair	84,000	41,704
Ceardlanna faoi Cheartas	80,000	80,338
TEL	80,000	43,338
Tacaíocht d'Fhoghlaimoirí	150,000	0
Forbairt Churaclaim	60,000	0
Eile	91,650	72,303
<b>IOMLÁN</b>	<b>30,033,358</b>	<b>23,306,620</b>



**An Roinn Oideachais  
agus Scileanna**  
Department of  
Education and Skills

Tionscadail arna dtacú i bpáirt ag Rialtas na hÉireann agus ag Ciste Sóisialta na hEorpa mar chuid de Chlár CSE um Infhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlaim 2014-2020.



**EUROPEAN UNION**  
Investing in your future  
European Social Fund



**An Roinn Leanáí  
agus Gnóthaí Óige**  
Department of Children  
and Youth Affairs